BEARTAS EACHTRACH: AIDHMEANNA, IONSTRAIMÍ AGUS A BHFUIL BAINTE AMACH

Bunaíodh Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) AE in 1993 agus neartaíodh ó shin i leith é le conarthaí iardain. Ar na saolta seo, déanann an Pharlaimint grinnscrúdú ar CBES agus rannchuidíonn sí lena fhorbairt, go háirithe trí thacú leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), le hIonadaithe Speisialta AE (ISAEnna) agus le toscaireachtaí AE. Trí chumhachtaí buiséadacha na Parlaiminte, múnlaítear méid agus raon feidhme CBES, maille le hionstraimí airgeadais sin AE lena gcothaítear gníomhaíochtaí eachtracha AE.

CBES: FORBAIRT TRÍ CHONARTHAÍ

Rinneadh Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) an Aontais Eorpaigh a bhunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) in 1993 agus é mar aidhm leis an tsíocháin a chaomhnú, an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn agus an daonlathas, an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine agus do chearta bunúsacha a fhorbairt agus a dhaingniú.

Le CAE, tugadh isteach an ‘córas trí cholún’, agus CBES ina dhara colún díobh sin. Le Conradh Amstardam, 1997, bunaíodh próiseas cinnteoireachta a bhí ní b’éifeachtúla, lena n-áirítear staonadh inchiallaithe agus vótáil trí thromlach cáilithe (QMV). I mí na Nollag 1999, bhunaigh an Chomhairle Eorpach ról an Ardionadaí do CBES. Le Conradh Nice 2003, tugadh isteach tuilleadh athruithe chun an próiseas cinnteoireachta a chuíchóiriú agus cuireadh de shainordú ar an gCoiste Polaitiúil agus Slándála (PSC), a bunaíodh faoi chinneadh ón gComhairle i mí Eanáir 2001, rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach oibríochtaí bainistithe géarchéime a fheidhmiú.

Le Conradh Liospóin, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2009, tugadh pearsantacht dhlítheanach don Aontas agus struchtúr institiúideach dá sheirbhís sheachtrach. Ina theannta sin, chuir sé deireadh le struchtúr na gcolún a tugadh isteach le CAE in 1993. Leis an gConradh, cruthaíodh réimse de ghníomhaithe nua faoi CBES, lena n-áirítear Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála atá ina Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún (VP/HR) freisin, agus Uachtarán nua seasta na Comhairle Eorpaí. Thairis sin, cruthaíodh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), agus rinneadh an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC), atá ina chuid dhílis de CBES, a uasghrádú. (Féach 5.1.2 chun mionsonraí a fháil faoi sin)

Rinneadh an bunús dlí do CBES a leagan amach in CAE agus rinneadh athbhreithniú air i gConradh Liospóin. Faoi Airteagail 21-46, Theideal V, de CAE, bunaítear

‘Forálacha Ginearálta maidir le Gníomhaíocht Sheachtrach an Aontais agus Forálacha Sonracha maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES)’. Clúdaítear gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais faoi Airteagail 205-222, Cuid 5, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); Tá feidhm freisin ag Airteagail 346 agus 347, Cuid 7.

CUMHACHTAÍ AGUS IONSTRAIMÍ BEARTAIS EACHTRAIGH NA PARLAIMINTE

D’ainneoin ról foirmiúil teoranta a bheith aici i gcinnteoireacht beartais eachtraigh, bhí an Pharlaimint i bhfách le coincheap an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála ón gcéad lá riamh, agus rinne sí iarracht a raon feidhme a leathnú. I bhfianaise na ndúshlán idirnáisiúnta atá tagtha chun cinn le deich mbliana anuas, d’iarr an Pharlaimint arís is arís eile go gcruthófaí post ‘aire gnóthaí eachtracha’ de chuid AE agus ‘seirbhís taidhleoireachta Eorpach’. I ndáiríre, tá méid áirithe comhair neamhfhoirimiúil le SEGS, le hUachtaránacht AE, le Rúnaíocht na Comhairle agus leis an gCoimisiún i réimse na ngnóthaí eachtracha, agus le parlaimintí náisiúnta na mBallstát, bainte amach ag an bParlaimint.

Le hAirteagal 36 de CAE, cuirtear de cheangal ar an Ardionadaí dul i gcomhairle leis an bParlaimint go rialta faoi phríomhghnéithe CBES, agus faoi na cinntí a dhéantar faoi, agus an Pharlaimint a chur ar an eolas faoi fhorás an bheartais. Dhá uair sa bhliain, bíonn díospóireachtaí ag an bParlaimint faoi thuarascálacha ar dhul chun cinn CBES agus cuireann sí ceisteanna ar an gComhairle agus ar an Ardionadaí, agus cuireann sí moltaí faoina mbráid.

Rinneadh an ceart atá ag an bParlaimint go gcuirfí ar an eolas í agus go rachfaí i gcomhairle léi faoi CBES/CBSC a neartú tuilleadh leis an dearbhú um fhreagracht pholaitiúil ón Ardionadaí in 2010. Rinneadh foráil don mhéid seo a leanas, *inter alia*, sa dearbhú:

— Feabhas a chur ar stádas na ‘gComhchruinnithe Comhairliúcháin’, trínar féidir le grúpa ainmnithe Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) bualadh lena leathbhric ó Choiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) na Comhairle, ó SEGS agus ón gCoimisiún chun misin shibhialtacha CBSC atá beartaithe agus atá ar siúl a phlé.

— An ceart atá ag ‘coiste speisialta’ na Parlaiminte rochtain a bheith aige ar fhaisnéis rúnda a bhaineann le CBES agus le CBSC, a dhaingniú. Tá an ceart sin bunaithe ar chomhaontú idirinstitiúideach ó 2002;

— Malartuithe tuairimí a bheith ann le cinn mhisin, le cinn toscaireachta agus le hoifigigh shinsearacha eile de chuid an Aontais le linn cruinnithe coiste agus le linn éisteachtaí de choistí sa Pharlaimint;

— Sainordú a thabhairt don Ardionadaí teacht os comhair na Parlaiminte dhá uair sa bhliain ar a laghad chun tuarascáil a thabhairt ar staid cúrsaí maidir le CBES/CBSC agus chun ceisteanna a fhreagairt.

Sa bhreis ar an idirphlé polaitiúil sin, déanann an Pharlaimint a húdarás a fheidhmiú tríd an nós imeachta buiséadach. Mar chraobh amháin d’údarás buiséadach AE, ní mór don Pharlaimint buiséad bliantúil CBES a fhormheas. Cabhraíonn an Pharlaimint freisin leis

na hionstraimí ábhartha um maoiniú seachtrach a mhúnlú trí phróiseas caibidlíochta tríthaobhaí leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún.

Déanann an Pharlaimint grinnscrúdú go rialta ar oibríochtaí SEGS agus cuireann sí moltaí faoina bhráid maidir le saincheisteanna struchtúrtha, óna cothromaíocht gheografach agus inscne go dtí a hidirghníomhaíocht le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais agus le seirbhísí taidhleoireachta na mBallstát. Ina theannta sin, bíonn plé rialta ag an bParlaimint leis an Ardionadaí agus le hIonadaithe Speisialta AE (ISAEnna) a cheaptar le haghaidh réigiúin nó saincheisteanna áirithe. Déanann coistí parlaiminteacha, a chuidigh le SEGS a chur ar bun, tuairimí a mhalartú le cinn toscaireachta nuacheaptha SEGS freisin.

Tá ról ag an bParlaimint freisin i ndáil le faireachán a dhéanamh ar chaibidlíocht agus cur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta. Bíonn toiliú na Parlaiminte de dhíth sular féidir leis an gComhairle na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích (Féach 5.2.1, 5.2.3 chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi sin)

STRUCHTÚIR INMHEÁNACHA NA PARLAIMINTE ATÁ BAINTEACH LE CBES

Is i gcoistí speisialaithe, go háirithe an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) agus ina dhá fhochoiste (um Shlándáil agus um Chosaint (SEDE) agus um Chearta an Duine (DROI)), agus sa Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA) agus sa Choiste um Fhorbairt (DEVE), a dhéantar mórán den obair a dhéanann an Pharlaimint i dtaobh CBES. Déanann na coistí sin CBES a mhúnlú trí na tuarascálacha agus na tuairimí a eisíonn siad. Ina theannta sin, tá siad ina bpríomhphointí teagmhála ag an bParlaimint le struchtúir rialachais dhomhanda (lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe), le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais, le huachtaránachtaí na Comhairle agus le parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

Déanann toscaireachtaí parlaiminteacha obair a bhaineann le CBES freisin, agus is é an ról atá acu teagmhálacha idirnáisiúnta na Parlaiminte a chothú agus a fhorbairt (go mór mór trí chomhar idirpharlaiminteach), agus luachanna bunaidh an Aontais á gcur chun cinn acu, lena n-áirítear an tsaoirse, an daonlathas, cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta. Faoi láthair, tá 44 bhuantoscaireacht idirpharlaiminteacha ann, lena n-áirítear comhchoistí parlaiminteacha (CCPanna), coistí um chomhar parlaiminteach (CPCanna), toscaireachtaí eile parlaiminteacha agus comhthionóil pharlaiminteacha.

Ar na toscaireachtaí idirpharlaiminteacha sin, áirítear:

— Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE, a cruthaíodh chun Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus ionadaithe tofa na dtíortha sin san Afraic, sa Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) a bhfuil Comhaontú Cotonou sínithe acu, a thabhairt le chéile.

— EuroLat, comhthionól iltaobhach a tháinig as an gComhlachas Straitéiseach Dé-Réigiúnach a bunaíodh i mí an Mheithimh 1999 idir AE, Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib;

— Tionól parlaiminteach EuroNest, fóram parlaiminteach Chomhpháirtíocht Oirthir an Aontais, trína ndéantar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus feisirí de pharlaimintí náisiúnta i dtíortha i gComhpháirtíocht an Oirthir a thabhairt le chéile;

— Tionól Parlaiminteach an Aontais don Réigiún Meánmhuirí (PA-UfM), an ghné pharlaiminteach den Aontas don Réigiún Meánmhuirí (UfM), a tháinig in ionad na Comhpháirtíochta Eora-Meánmhara (Próiseas Barcelona).

TIONCHAR NA PARLAIMINTE AR CBES

Cabhraíonn rannpháirtíocht na Parlaiminte in CBES le cuntasacht dhaonlathach an bheartais a fheabhsú. Tá tacaíocht láidir tugtha ag an bParlaimint do réimse institiúideach iar-Liospóin, agus ról feabhsaithe á mholadh aici do SEGS, do thoscaireachtaí an Aontais agus do ISAEnna, mar aon le beartas a bheadh ní ba chomhleanúnaí agus CBES a bheadh ní b'éifeachtaí. Tá tuilleadh comhleanúnachais i measc ionstraimí polaitiúla agus airgeadais AE curtha chun cinn aici i gcomhair beartais sheachtracha, chun an dúbláil agus an neamhéifeachtúlacht a sheachaint.

Tá an Pharlaimint ina hardán le haghaidh malartuithe i measc lucht déanta beartas institiúideach agus rialtasach, mar aon leis an tsochaí shibhialta agus pobail eipistéimeacha (amhail meithleacha machnaimh agus aos léinn), agus, ar an gcuma sin, tá sí ag cabhrú le feasacht a ardú i measc an phobail faoi CBES agus ag éascú rannpháirtíocht ag réimse leathan comhpháirtithe laistigh den Aontas agus lasmuigh de, idir chomhpháirtithe rialtasacha agus chomhpháirtithe neamhrialtasacha. Trína cuid gníomhaíochtaí, tá feiceálacht bheartais eachtracha AE neartaithe ag an bParlaimint, agus tá sí ina nasc idir insititiúidí AE agus saoránaigh AE.

STRAITÉIS DHOMHANDA AGUS PARLAIMINT NA HEORPA

I mí an Mheithimh 2015, chuir an Chomhairle Eorpach de chúram ar an Ardionadaí Straitéis Dhomhanda de chuid AE maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála (EUGS) a ullmhú faoi mhí an Mheithimh 2016. Tháinig an méid sin sna sála ar mheasúnú straitéiseach an Ardionadaí ar na príomhathruithe agus na príomhdhúshláin sa domhan, inar thángthas ar an tátal go raibh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis Slándála na hEorpa (SSE), 2003. Is é sprioc na Straitéise Domhanda go mbeadh creat leathan straitéiseach ann ina mbeadh an tAontas in ann dúshláin idirnáisiúnta na linne seo a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach láidir comhleanúnach, agus é ag tarraingt ar an réimse leathan uirlisí agus sásraí atá ar fáil dó.

In éineacht leis na Ballstáit, leis na parlaimintí náisiúnta, le saineolaithe agus leis an bpobal i gcoitinne, bhí Parlaimint na hEorpa rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin i dtaobh na Straitéise Domhanda. D'eagraigh an Pharlaimint cruinnithe coiste agus éisteachtaí saineolaithe den Choiste um Ghnóthaí Eachtracha ar díríodh ar an Straitéis Dhomhanda acu, agus rith sí rún maidir le 'AE i dtimpeallacht dhomhanda atá i mbéal athraithe — domhan atá níos nasctha, níos achrannaí agus níos casta', lenar cuireadh mian na Parlaiminte in iúl maidir lena mbeadh i ndán do bheartas seachtrach AE amach anseo.

An 28 Meitheamh 2016, chuir an tArdrúnaí an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Mar

gheall ar an mbéim atá inti ar an tslándáil, ar an uaillmhian a léirítear inti don uathriail straitéiseach agus ar an gcur chuige prionsabálta, ach pragmatach ina dhiaidh sin féin, atá inti i leith chomhshaol na hEorpa, is ionann Straitéis Dhomhanda AE agus athrú thábhachtach meoin i gcomórtas le Straitéis Slándála na hEorpa, 2003. Sainaithnítear cúig thosaíocht do bheartas eachtrach AE i Straitéis Dhomhanda AE:

— Slándáil ár nAontais;

— Athléimneacht stáit agus sochaí lastoir agus laisteas;

— Cur chuige comhtháite i leith coinbhleachtaí;

— Orduithe réigiúnacha comhair;

— Rialachas domhanda don 21ú haois.

Chun éifeacht a thabhairt don straitéis nua, déanfaidh AE athbhreithniú ar straitéisí earnálacha atá ann cheana, agus straitéisí nua téamacha nó geografacha a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le tosaíochtaí EUGS. Ina measc sin beidh straitéis earnálach ina sonrófar leibhéal uaillmhéine sibhialta-míleata, cúraimí, ceanglais agus tosaíochtaí cumais AE.

Chun fís EUGS maidir le saincheisteanna cosanta agus slándála a chur chun gnímh, i mí na Samhna 2016 rinne Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála plean cur chun feidhme maidir le CBSC a chur i láthair na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, agus trí shraith tosaíochtaí á n-aithint aici: freagairt do choinbhleachtaí agus do ghéarchéimeanna seachtracha, acmhainneacht comhpháirtithe a fhothú agus an tAontas agus a chuid saoránach a chosaint.

Leagtar amach 13 mholadh sa Phlean maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint. Airítear orthu sin Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD), mearfhreagairt AE atá níos fearr (lena n-áirítear trí chathghrúpaí AE a úsáid), agus Buanchomhar Struchtúrtha aonair nua (PESCO) do na Ballstáit sin atá toilteanach gealltanais bhreise a thabhairt maidir leis an gcosaint. An 6 Márta 2018, ghlac an Chomhairle treochlár maidir le cur chun feidhme PESCO. Faoi láthair, tá forbairt á déanamh ar 34 thionscadal faoi PESCO agus 25 Bhallstát rannpháirteach iontu (chun tuilleadh sonraí a fháil féach 5.1.2).

I mí Lúnasa 2018, bhunaigh an Coimisiún an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais; agus i mí na Bealtaine 2019, thíolaic an Coimisiún agus SEGS plean gníomhaíochta comhpháirteach chun cur chun feidhme Chomhshocrú Sibhialtach CBSC a éascú. Sna conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2019 faoi staid na Straitéise Domhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, mhol an Chomhairle go ndéanfaí an Ciste Eorpach Cosanta (EDF) a chur chun feidhme ina iomláine, rud a neartóidh tionscal agus teicneolaíocht cosanta AE.

I Deireadh Fómhair 2019, in ómós thrí bliana EUGS, d'fhoilsigh SEGS tuarascáil ar a cur chun feidhme. I measc saincheisteanna eile, leagadh béim sa tuarascáil ar an dul chun cinn a bhí déanta ag AE chun dul de dhroim bacainní ar shoghluaisteacht mhíleata agus an tábhacht a bhaineann le comhoibriú AE-ECAT i réimsí na slándála agus na cosanta. Le linn óráide i mí Dheireadh Fómhair 2019, dúirt Federica Mogherini,

a bhí ina VP/HR ‘gur alt d’aon mhuineál iad an neamhspleáchas straitéiseach agus an comhar lenár gcomhpháirtithe – ag tosú le ECAT – agus ar an gcaoi sin mínítear go bhfuil comhpháirtíocht an Aontais le ECAT bunriachtanach d’fheidhmiú a chur chuige ‘neamhspleáchais chomhoibríoch’[1].

Ag deireadh 2018, d’eisigh an Pharlaimint a tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme CBES[2]. Á athdhearbhú nach féidir dul i ngleic le dúshláin AE ach trí chomhar, d’iarr na Feisirí go mbeadh fíor-chomhbheartas eachtrach agus slándála Eorpach ann, a bheadh bunaithe ar uathriail straitéiseach, agus go ndéanfaí é a chur chun feidhme, lena n-áirítear ó thaobh cumais, i réimsí an tionscail agus na n-oibríochtaí. Sa tuarascáil, moltar, *inter alia*, go neartófaí seasmhacht inmheánach an Aontais i gcoinne cur isteach seachtrach agus go mbunófaí comhstraitéis le comhpháirtithe idirnáisiúnta; go ndéanfaí infheistíocht i gcobhsaíocht agus rathúnas na mBalcán Thiar; go spreagfaí caidreamh is dlúithe fós le Comhpháirtíocht an Oirthir trí cheangail eacnamaíocha a neartú; agus go ndéanfaí an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn in imchuach na Meánmhara Theas agus san Afraic fho-Shahárach. Aithnítear sa tuarascáil freisin an tionchar dearfach a bheidh ar an gcomhar cosanta de thairbhe PESCO agus CARD a bhunú.

Jérôme Legrand / Tuula Turunen
01/2020

[1]Is é a bhí faoi ‘neamhspleáchas comhoibríoch’ ag VP/HR ná cumas an Aontais comhoibriú le ECAT, mar aon le comhpháirtithe eile, gan bheith ag cur isteach ar a neamhspleáchas straitéiseach féin maidir le cúrsaí cosanta agus slándála.
[2]Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2018)0513.